# Cnámharlach Páipéir

| Céim | Snáithe | Snáithaonad |
|---|---|---|
| 3 | Tomhais | Ag Tomhas |

| Torthaí Foghlama | Coincheapa Matamaitice |
|---|---|
| • Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann fad, meáchan, toilleadh, achar agus toirt a chur i gcomparáid, a mheas agus a thomhas ach úsáid a bhaint as na hionstraimí cuí agus a thaifeadadh agus a chur in iúl i gceart. | • Cuidíonn aonaid mhéadracha linn chun tomhais a léirmhíniú, a chur in iúl agus a ríomh le tuilleadh cruinnis agus beachtais i gcónaí.<br>• Is féidir tomhais a dhéanamh níos cruinne ach aonaid mhéadracha a úsáid (iolraithe nó fo-ranna de bhunaonaid m.sh., km nó cm), ach a thabhairt faoi deara go bhfuil méid áirithe neastacháin bhunúsaigh ag baint le gach tomhas. |

## Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo oibríonn na foghlaimeoirí i ngrúpaí beaga chun imlíne chnámharlaigh a dhéanamh de dhuine dá ngrúpa. Is féidir fad na mball coirp seo a mheas, agus a thomhas ansin sula ngearrfar an páipéar siúcra dubh agus na píosaí a chur le chéile chun cnámharlaigh atá ar mhéid nádúrtha a chruthú:

- fad do dhroma ó bharr do mhuiníl go dtí íochtar do dhroma
- an fad idir do shlinneáin
- fad na coise
- an fad ón nglúin go dtí do chos

Cuireann na foghlaimeoirí lipéad ar na stiallacha agus cuireann siad i gcomparáid leis na tomhais chearta iad.

| Tuiscint agus Ceangal | Cumarsáid | Réasúnaíocht | Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna |
|---|---|---|---|
| *An foghlaimeoir* | | | |
| Cuireann sé tomhais de bhaill choirp éagsúla i gcomparáid ach úsáid a bhaint as an mbunaonad céanna. | Déanann sé ráitis nó breithiúnais chomparáideacha, m.sh. tá do dhroim níos faide ná an fad idir do shlinneáin. | Déanann sé meastacháin réasúnta faid agus úsáid á baint aige as aonaid tomhais oiriúnacha. | Déanann sé tomhais agus coinníonn sé taifead le cruinneas agus beachtas a bhfuil feabhas ag teacht air. |

| Mata a Mhúineadh | |
|---|---|
| **Meon Táirgiúil a Chothú** | **Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic** |
| Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí idirghníomhú agus oibriú as lámha a chéile i ngrúpaí beaga cumas measctha. | Cuir deiseanna ar fáil do na foghlaimeoirí chun fiosrú agus iniúchadh a dhéanamh ar an smaoineamh matamaiticiúil ar fhad ar fud an lae scoile. |

| Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil |
|---|
| Tabhair cúnamh do na foghlaimeoirí samhlacha matamaiticiúla a dhéanamh, a thástáil agus a chur i bhfeidhm. |

| Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid | Comhrá Mata a Chur Chun Cinn |
|---|---|
| Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí a straitéisí a roinnt agus chun taifead a dhéanamh ar a dtorthaí.<br><br>Athraigh na tasc trí dhúshláin na bhfoghlaimeoirí a thabhairt chun samhlú gur shlog siad deoch dhraíochtúil a dhéanann a mbaill choirp a dhúbailt/a laghdaíonn a mbaill choirp de leath. | Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí an teanga mhatamaiticiúil a bhaineann le fad a úsáid agus chun ceisteanna a chur ar a bpiaraí, chun tuilleadh eolais a fháil faoi na straitéisí a úsáideadh chun a gcnámharlaigh pháipéir a chur i gcrích. |

| Measúnú a dhéanamh ar an Matamaitic |
|---|
| • An bhfuil na foghlaimeoirí in ann liosta tomhas a scríobh san ord ceart ón tomhas is gaire go dtí an tomhas is faide?<br>• An bhfuil an foghlaimeoir in ann fad na mball coirp éagsúil a chur i gcomparáid lena chéile?<br>• An ndéanann an foghlaimeoir meastacháin réasúnta?<br>• Ar fhorbair an foghlaimeoir na scileanna matamaiticiúla maidir le meastachán, iniúchadh agus ceistiúchán ar fud an eispéiris foghlama? |

| Foinse |
|---|
| Lámhleabhar Tomhas SFGM lch 60 |